

TREOIRLÍNTE LEABHARLANNA POIBLÍ CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN MAIDIR LE COSAINT AGUS SÁBHÁILTEACHT LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA

Tá an fhoireann atá i Leabharlanna Poiblí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tiomanta go hiomlán d'aidhm na Comhairle i ndáil le timpeallacht a bheith ann ina dtabharfaí éisteacht do leanaí, ina mbeifí muinteartha fáilteach leo, agus ina gcoinneofaí slán iad; ina mbeadh tacaíocht agus spreagadh le fáil ag tuismitheoirí; agus ina mbeadh tacaíocht agus cosaint le fáil ag fostaithe agus daoine a oibríonn go deonach le leanaí agus le daoine óga. Tá meas ag an bhfoireann leabharlainne ar phrionsabail an chomhionannais agus na hilchineálachta agus cuireann siad chun cinn iad agus cuireann siad rompu oibriú leis na leanaí go léir ar bhealach a bhíonn báúil lena gcultúir i gcomhthéacs bhunreacht agus dhlí na hÉireann agus Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh. Tagraíonn an t-aguisín seo go sonrath do leabharlanna poiblí na Comhairle – dá dtimpeallachtaí, dá bhfoirne agus dá n-úsáid – tá sé i gceist go léifí é i gcomhthéacs an Bheartais Chosanta Leanaí iomláin do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá an ceann deiridh seo agus treoirlínte Leabharlainne dlrd ar fáil anois ar ár suíomh gréasáin ar www.dlrcoco.ie/library.

TIMPEALLACHTAÍ LEABHARLAINNE:

Áirítear an fhoráil seo a leanas leo sin:

- 1.1 Timpeallacht shábháilte i bhfoirgnimh leabharlainne a shásódh an leibhéal is airde de na rialacháin um shláinte agus sábháilteacht mar atá sonraithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- 1.2 Timpeallachtaí fisiceacha a bheadh compordach, inrochtana go hiomlán agus cúfí.
- 1.3 Áiseanna tábhachtacha amhail leithris phoiblí agus rochtain ar leithris foirne faoi mhaoirseacht nuair is gá.

AN FHOIREANN LEABHARLAINNE:

Ar a n-earcú, glacann baill foirne leabharlainne páirt i seisiún oiliúna ionduchtúcháin a bhíonn éigeantach agus cuireann siad gnáth-thréimhse phromhaidh díobh. Cuirtear baill nua den fhoireann leabharlainne ar an eolas i dtaobh Bheartas Cosanta Leanaí na Comhairle Contae agus tugtar le fios cé hiad na daoine ainmnithe agus céard é an ról a bhíonn acu. Soláthraítear an t-eolas is deireanaí a bhíonn sna beartais ábhartha a bhaineann le leanaí san oiliúint rialta a chuirtear ar ghnáthbhaill foirne agus bíonn clár oiliúna a bhíonn riachtanach, mar shampla Garchabhair, san áireamh ar bhonn céimneach.

Bíonn an fhoireann a bhíonn sna leabharlanna freagrach as an méid seo a leanas:

- 2.1 feacht ar an mBeartas Cosanta Leanaí do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chur chun cinn.
- 2.2 A chinntiú go mbíonn teacht go héasca ag an bpobal ar shonraí teagmhála daoine ainmnithe i Seirbhís Leabharlainne dlrd.
- 2.3 A chinntiú nach nochtar sonraí pearsanta a bhíonn i mbunachair shonraí leabharlainne d'aon tríú páirtithe agus nach n-úsáidtear iad chun aon chríche seachas úsáid oifigiúil leabharlainne.
- 2.4 A chinntiú go mbíonn beartais chuí idirlín ar fáil agus le feiceáil go soiléir agus go gcoinnítear cothrom le dáta iad nuair is gá.

ÚSÁID GHINEARÁLTA NA LEABHARLAINNE:

Is treoirlínte ginearálta iad seo a leanas le haghaidh na ngnáthchuirteanna ar leabharlanna:

- 3.1 Ba chóir i gcónaí go mbeadh tuismitheoir/caomhnóir/múinteoir i dteannta leanaí a bhíonn faoi 8 mbliana d'aois.
- 3.2 Is minic a thagann leanaí a bhíonn os cionn 8 mbliana d'aois isteach i leabharlanna agus gan aon duine ina dteannta; tagann siad chun leabhair a fháil ar iasacht le haghaidh taighde do thionscadail scoile nó chun freastal ar imeachtaí. Cé go ndéanfar gach iarracht sábháilteacht leanaí i leabharlanna a chinntiú, ní féidir maoirseacht orthu a ráthú le linn dóibh a bheith ar cuairt. Ní féidir le baill foirne leabharlainne lánmhaoirseacht a dhéanamh ar iompar gach uile úsáideora leabharlainne agus níl sé indéanta ag baill foirne monatóireacht a dhéanamh i dtaobh an bhfágann nó nach bhfágann leanbh an leabharlann gan tionlacan.
- 3.3 Má dúnadh an leabharlann agus gan leanbh a bheith bailithe ag tuismitheoir/caomhnóir, ní hé cúram na foirne fanacht in éineacht leis an leanbh go dtí go mbaileofar é nó í. Ba chóir do thuismitheoirí/do chaomhnóirí a bheith eolach ar amanna dúnta leabharlainne chun cinntiú go mbaileofar na leanaí roimh am dúnta.
- 3.4 Má theastaíonn ó leanbh leithreas na foirne a úsáid mar nach bhfuil leithreas poiblí ann atá ar fáil, ní mór do thuismitheoir/do chaomhnóir an leanbh a thionlacan. Ní thugtar ugach do leanaí nach mbíonn tuismitheoir/caomhnóir á dtionlacan dul chuig an leithreas. Murar féidir an cás a sheachaint, go hidéalach ní mór go mbeadh beirt de bhaill foirne na leabharlainne leis nó léi más féidir é.
- 3.5 Ní ghactar le hiompar treampánach ó leanaí ná ó dhaoine óga i leabharlanna. Má tharlaíonn sé, tabharfar rabhadh ach má leantar den iompar, tabharfar deis don leanbh glaoch a chur ar thuismitheoir chun teacht agus é nó í a bhailiú. Mura ndéanfaidh sé nó sí amhlaidh, glaofaigh ball foirne ar thuismitheoir/ar chaomhnóir an linbh nó ar na Gardaí agus b'fhéidir go stopfaí an leanbh ó áiseanna na leabharlainne a úsáid.

TREOIRLÍNTE DO SCOLÁIRÍ A ÚSÁIDEANN LEABHARLANNA DLRD

- 4.1 Tá fáilte roimh scoláirí áiseanna Sheirbhís Leabharlainne dlrd a úsáid.
- 4.2 Ní mór gur baill chláraithe de chuid Sheirbhís Leabharlainne dlrd iad na scoláirí agus ní mór dóibh a gcárta leabharlainne a bheith ar iompar acu gach uair a thagann siad isteach.
- 4.3 Tá líon sonraithe d'áiteanna staidéir i ngach brainse. Is iad na chéad scoláirí isteach a fhaigheann iad agus is sna háiteanna a bhíonn leagtha amach le haghaidh staidéir agus ansin amháin a bhíonn siad.
- 4.4 Ní ceadmhach do scoláirí suí ar an urlár chun an staidéar a dhéanamh – tá cúiseanna Sláinte agus Sábháilteachta leis sin. Ní mór coinneáil amach as na spásanna idir na seilfeanna leabhar agus gan aon bhac a bheith sna bealaí isteach.
- 4.5 Iarrtar ar scoláirí aird a thabhairt ar fhoireann na leabharlainne agus a bheith tuisceanach i dtaobh úsáideoirí eile. Tá an custaiméir i dteideal an leibhéil is airde de sheirbhís don chustaiméir; ar an gcaoi chéanna ba chóir don chustaiméir an oiread céanna measa agus cúirtéise a thaispeáint do na baill foirne.
- 4.6 Iarrtar ar scoláirí na treoracha a thugann baill foirne na leabharlainne dóibh a chomhlíonadh agus gan bheith ag gabháil d'iompar a chuirfeadh isteach ar dhaoine eile.
- 4.7 Caithfidh aon duine nó aon ghrúpa a bheidh ag tarraingt achrainn imeacht as an leabharlann ar feadh an chuid eile den lá nó ar feadh tréimhse níos faide.

- 4.8 B'fhéidir go bhfiafrófaí a n-ainm agus ainm na scoile/an choláiste de scoláirí.
- 4.9 Is iad na scoláirí féin a bheidh freagrach gach tráth as a maoin féin. Ní mór áiteanna staidéir a fholmhú nuair a dhúntar an leabharlann – is ar mhaithe le slándáil é seo.
- 4.10 Féadfar fóin phóca a úsáid sa Leabharlann ach iad a bheith socraithe ionas nach gcloisfear iad.
- 4.11 Ní cheadaítear bia a ithe ná deoch a ól (seachas uisce buidéalaithe) sa leabharlann.

IMEACHTAÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA LEABHARLANN:

Bíonn imeachtaí agus gníomhaíochtaí do leanaí agus do dhaoine óga ar siúl go rialta sna leabharlanna brainse go léir. Is é croílár na fealsúnachta atá ag Seirbhís Leabharlainne dlrd meas gan choinníoll a bheith ar leanaí agus iad a choinneáil slán ón díobháil fad is a bheidh siad ag freastal ar aon imeachtaí leabharlainne nó páirteach iontu. Baineann na pointí seo a leanas leis an ngné seo:

- 5.1 Is iondúil go mbíonn leanaí scoile faoi chúram múinteora nuair a bhíonn siad ag freastal ar imeacht eagraithe scoile. Ní mór do mhúinteoirí grúpaí scoile a thionlacan agus fanacht ina dteannta gach tráth le linn dóibh a bheith ag freastal ar imeachtaí leabharlainne.
- 5.2 Ní mór amanna tosaithe agus críochnaithe gach imeachta a lua go soiléir chun cinntiú go mbaileofar go sábháilte na leanaí agus na daoine óga go léir a bheidh rannpháirteach.
- 5.3 Maidir le ceardlanna poiblí agus i gcás go mbeidh tuismitheoirí ag imeacht amach as an bhfoirgneamh, is gá dóibh ainm teagmhálaí, uimhir fóin, seoladh a thabhairt ag an gclárú agus tagairt a dhéanamh d'aon riachtanas sonracha. B'fhéidir go dteastóidh toiliú tuismitheora i gcás roinnt de na himeachtaí.
- 5.4 Nuair is cuí, molfar do thuismitheoirí/do chaomhnóirí freastal ar imeachtaí i dteannta na leanaí a bheidh faoina gcúram.
- 5.5 Ba chóir go gcuimhneofaí ar choibhneas oiriúnach de dhaoine fásta le daoine óga a bheith ann, ag brath ar an gcineál imeachta, aoisraon agus cumas/míchumas nó riachtanais speisialta eile na rannpháirtithe. Maidir le himeachtaí a bheidh á gcomhordú agus á rith ag an bhfoireann leabharlainne, leanfar beartas na comhairle i ndáil leis an gcoibhneas oiriúnach de dhaoine fásta le daoine óga.
- 5.6 Ba chóir go mbeadh líon an lucht freastail taobh istigh den uasraon de réir mar atá leagtha amach sna treoirlínte um shláinte agus sábháilteacht do gach leabharlann bhraínse.
- 5.7 Níor chóir leanaí faoi 8 mbliana a fhágáil gan aon mhaoirseacht orthu nuair a bhíonn imeacht leabharlainne thart. Má choinnítear moill níos faide ná 15 nóiméad ar thuismitheoir tar éis don imeacht a bheith thart, ní mór do bhall foirne leabharlainne teagmháil a dhéanamh leis nó léi. Má bhíonn os cionn 60 nóiméad de mhoill ann, féadfaidh ball foirne glaoch ar na Gardaí.
- 5.8 I gcás aon taifeadta nó grianghrafadóireachta, a dhéanfaí ag imeacht a d'eagrófaí i gcomhair grúpa scoile nó i gcomhair gnáthimeacht leabharlainne, ní mór iad sin a dhéanamh le toiliú an duine óig agus a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí araon. Ní mór go gcuirfí an duine óg agus a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí ar an eolas faoin gcaoi a bhféadfaí an íomhá a úsáid: i bhfoilseachán, ar líne, i gcartlann, sna meáin. Mura mbeidh tuismitheoir/caomhnóir i láthair, níor mhór do bhaill foirne leabharlainne a chinntiú go gcuirfí ar an eolas iad roimh ré i gcás go mbeadh grianghraf le tógáil nó taifeadadh le déanamh den imeacht. Tá Foirm Cheada ar féidir í a dháileadh ar thuismitheoirí/ar mhúinteoirí ar fáil ó Leabharlanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- 5.9 Ar mhaithe leis an mbaol go mbainfí úsáid mhíchuí as grianghraf a laghdú ba chóir gurbh í an ghníomhaíocht seachas leanbh faoi leith ab ábhar don ghrianghraf.

- 5.10 Tá an cód iompair le haghaidh “Soláthraithe” (téarma cineálach mar chur síos ar ealaíontóirí, údair, coimeádaithe, éascaitheoirí nó daoine a oibríonn go deonach) sa Bheartas Cosanta Leanaí do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

DAOINE AINMNITHE:

Is iad seo a leanas na Daoine Ainmnithe i Leabharlanna Poiblí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin:

1. Teagmhálaí Ainmnithe do Leabharlanna dlrd: Marian Thérèse Keyes,
Leabharlannaí Sinsearach Feidhmiúcháin: Seirbhísí Bibleagrafacha, Forbairt Léitheoirí agus For-rochtain. Teil: +353 1 278 1788 | R-phost: mkeyes@dlrcoco.ie |

2. Leastheagmhálaí Ainmnithe do Leabharlanna dlrd: Oonagh Brennan,
Leabharlannaí Sinsearach: Leabharlann Ghráinseach an Déin
T: +353 285 0860 | R-phost: obrennan@dlrcoco.ie |

3. Leastheagmhálaí Ainmnithe do Leabharlanna dlrd: Carmel Kelly,
Leabharlannaí Sinsearach: Leabharlann Dheilginse
T: +353 1 2855317 | R-phost: ckelly@dlrcoco.ie |

Níor mhór aon eachtra arbh údar imní í ó thaobh cosaint leanaí agus daoine óga de a tharlódh i Leabharlanna dlrd a thuirisciú agus cuntas a thabhairt do na daoine atá ainmnithe thuas.